



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ  
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ TEORANTA A CHLÁRÚ

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 6 / Márta 2020

## 1. Cad is comhpháirtíocht ann?

Bíonn comhpháirtíocht i gceist nuair a bhíonn gnó ar siúl ag beirt nó níos mó d'fhonn brabús a dhéanamh. Ní mór don chomhpháirtíocht bheith comhdhéanta de bheirt nó níos mó nó uasmhéid de 20 duine.<sup>1</sup> Is féidir le daoine nádúrtha nó comhlachtaí corparáideacha bheith sa chomhpháirtíocht. Úsáidtear an téarma “gnólacht” go minic le tagairt a dhéanamh do chomhpháirtíocht, ach ní eintiteas dlíthiúil ar leith í comhpháirtíocht – is é sin le rá nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil ag comhpháirtíocht atá ar leithligh ó chomhpháirtithe éagsúla na comhpháirtíochta.

## 2. Cad is comhpháirtíocht theoranta ann?

Cabhraíonn an tAcht um Chomhpháirtíocht Theoranta 1907 le comhpháirtíocht a chruthú ina gcuirtear teorainn le dlíteanas roinnt de na comhaltaí i leith fhiacha an ghnólachta. Is í an teorainn a chuirtear le dlíteanas na gcomhaltaí ná an caipiteal a thugann siad don chomhpháirtíocht. Mar an gcéanna le comhpháirtíocht ghinearálta, ní eintiteas dlíthiúil ar leith í comhpháirtíocht theoranta.

Ní mór do chomhpháirtíocht theoranta, comhpháirtí ginearálta amháin agus comhpháirtí teoranta amháin a bheith aici ar a laghad. Ba chóir 20 duine a bheith sa chomhpháirtíocht ar a mhéad ach amháin nuair a bhíonn comhpháirtíocht i gceist ar féidir léi 10 gcomhalta a bheith aici ar a mhéad, nó i gcás comhpháirtíochtaí infheistíochta agus airgeadais iasachta<sup>2</sup> ar féidir leo 50 comhalta a bheith acu ar a mhéad.

Tá an comhpháirtí/na comhpháirtithe ginearálta faoi dhlíteanas fhiacha agus dualgais an ghnólachta. Tugann na comhpháirtithe teoranta méid sonraithe caipitil chuig an ngnólacht agus ní gá dóibh íoc as dlíteanas na comhpháirtíochta atá níos mó ná an méid caipiteal seo.

Ní mór do chomhpháirtíocht theoranta bheith cláraithe leis an CRO agus de réir an Achta 1907; nó beidh comhpháirtíocht ghinearálta i gceist atá rialaithe ag an Acht Comhpháirtíochta 1890 agus ag an dlí coiteann. Mura mbíonn comhpháirtíocht theoranta cláraithe mar a éilítear faoin Acht 1907, meastar de réir dlí gur chomhpháirtíocht(aí) g(h)inearálta í/iad an chomhpháirtíocht/na comhpháirtíochtaí t(h)eoranta. Dá bhrí sin, bíonn siad faoi dhlíteanas fhiacha aus dualgais an ghnólachta.

## 3. Conas is féidir liom comhpháirtíocht theoranta a chlárú?

Ní mór duit na doiciméid seo a leanas a chomhlánú agus a chomhdú:

**Foirm LP1** Iarratas ar chomhpháirtíocht theoranta a chlárú  
Ba chóir don chomhpháirtí/do na comhpháirtithe ginearálta agus teoranta an fhoirm a shíniú.

**Foirm LP3** Ráiteas den chaipiteal curtha ar fáil ag comhpháirtí/comhpháirtithe teoranta  
Ba chóir don chomhpháirtí ginearálta an fhoirm a shíniú.  
(Ní gá dleacht chaipitil a íoc i láthair na huaire.)

I gcás gurb é atá sa chomhpháirtí ginearálta ná náisiúnach de thír nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ar mian leis/léi teacht go hÉirinn chun gnóthas a bhunú, beidh ar an gcomhpháirtí ginearálta cead an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a fháil chun déanamh amhlaidh. Ní mór fianaise ar chead an Aire a chur isteach i dteanna na foirme. Is féidir cárta GNIB (Cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Imirce)(deimhniú clárúcháin) nó Cárta Glas/Leabhar Glas (aghaidh agus cúl) a chur ar fáil mar fhianaise.

I gcás gur cuideachta nach bhfuil cláraithe ar chlár na hÉireann é an chomhpháirtí ginearálta nó an chomhpháirtí teoranta, ba cheart na nithe seo a bheith ag gabháil le foirm LP1:

<sup>1</sup> Cuirtear teorainn 10 gcomhpháirtí le comhpháirtíocht bhaincéireachta (alt 1436 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Ar dhóigh eile, ní féidir comhpháirtíocht de bhreis is 20 duine a fhoirmiú go dlíthiúil chun gnó a bheith ar siúl aici atá mar chuspóir aige brabús a dhéanamh don chomhpháirtíocht nó a comhaltaí (alt 14356 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Ní bhaineann an srian seo le comhpháirtíochtaí de chuntasóirí cáilithe nó aturnaetha nó le haicme chomhpháirtíochta ar bith a ordóidh an tAire Fiontar, Trádála & Nuálaíochta. Ní bhaineann sé le comhpháirtíochtaí a bhunaítear d'fhonn capaill folaíochta a phórú nó leis an ngnó seo a chur chun cinn.

<sup>2</sup> Alt 1435(1)(c)(iv) d'Acht na gCuideachtaí 2014

(a) cóip dheimhnithe (agus cóip fhíordheimhnithe nuair is gá) de Chairt, reachtanna nó meabhrán agus airteagail na cuideachta, nó aon ionstraim eile arb ionann í agus bunreacht na cuideachta nó lena sainítear bunreacht na cuideachta (sa teanga bhunaidh); (féach cuid 6).

(b) Cóip de dheimhniú corpraithe na cuideachta;

(c) Cóip d'aon deimhnithe corpraithe nó d'aon athruithe ainm de chuid na cuideachta;

Mura bhfuil na doiciméid thuas ar fáil i nGaeilge ná i mBéarla, beidh aistriúchán deimhnithe ag teastáil.

I gcás gur cuideachta nach bhfuil ar chlár na hÉireann é an comhpháirtí ginearálta, ba cheart aird a thabhairt ar Chuid 21 d'ácht na gCuideachtaí 2014. agus ar na ceanglais atá ar chuideachtaí eachtracha faoi dhliteanas teoranta maidir le brainse a chlárú.

## 4. Conas a chuirtear in iúl don CRO go bhfuil athrú tagtha ar mo shonraí cláraithe?

Ní mór duit na doiciméid seo a leanas a chomhlánú agus iad a chomhdú:

**LP2** Fógra maidir le hathrú ar chomhpháirtíocht teoranta

**Foirm LP4** Ráiteas cuideachtaí faoi dhleacht chaipitil  
(Ní gá dleacht chaipitil a íoc i láthair na huaire.)

**Foirm P1** Doiciméid chuntasaíochta a chur ar ais

### 4.1. Cad iad na doiciméid chuntasaíochta ar gá dom a chomhdú?

Cuirtear de cheangal ar chomhpháirtíochtaí teoranta, nuair is cuideachtaí teoranta iad na comhpháirtithe ginearálta ar fad, doiciméid chuntasaíochta a chur ar ais faoi European Union (Qualifying Partnerships: Accounting and Auditing) Regulations 2019 (I.R. Uimh. 597 de 2019). Ní mór do chomhpháirtíochtaí ginearálta é seo a dhéanamh freisin nuair is cuideachtaí teoranta iad na comhpháirtithe ginearálta.

Áirítear ar na doiciméid chuntasaíochta:

- clár comhardaithe
- cuntas brabúis agus cailiteanais
- tuarascáil na gcomhpháirtithe
- tuarascáil an iniúcháora

Baineann Cuid 6 Acht na gCuideachtaí 2014 le comhpháirtíochtaí teoranta.

Ní mór do bheirt chomhpháirtithe na doiciméid chuntasaíochta a dheimhniú mar chóipeanna dílis - faigheann siad cead ó na comhpháirtithe eile chun é seo a dhéanamh. Ní mór na doiciméid a chur ar aghaidh chuig an CRO tráth nach déanaí ná sé mhí ó dheireadh bhliain airgeadais na comhpháirtíochta (Rial. 20).

## 5. Cathain a bhíonn comhpháirtíocht teoranta ag teastáil le hainm gnó a chlárú?

De réir an Achta um Chlárú Ainmneacha Gnó 1963, cuirtear de cheangal ar chomhpháirtíocht ainm gnó a chlárú nuair a bhíonn gnólacht ag trádáil faoi ainm gnó nach bhfuil comhdhéanta de shloinnte na gcomhpháirtithe gur daoine aonair iad agus d'ainmneacha corparáideacha na gcomhpháirtithe gur comhlachtaí corparáideacha iad gan rud ar bith a bheith curtha leis an ainm gnó seachas réamhainmneacha na ndaoine aonair nó inisealacha na réamhainmneacha sin. Nuair a bhíonn an t-ainm gnó "AB & Company (AB & Cuideachta)" nó "AB & Co (AB & Cuid)" á úsáid ag beirt chomhpháirtithe (A agus B), ní mór an t-ainm seo a chlárú toisc go gcuirtear rud éigin le hainmneacha na gcomhpháirtithe.

Má chláraítear comhpháirtíocht teoranta faoin Acht 1907 ag úsáid ainm gnó, caithfear an t-ainm

gnó seo a chlárú freisin faoin Acht 1963. Cuirtear de cheangal ar chomhpháirtíochtaí sonraí áirithe a thabhairt do Chláraitheoir na nAinmneacha Gnó (suite ag an CRO, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach R93 E920) tráth nach déanaí ná mí amháin ón ainm sin a ghlacadh. Is féidir leis an Aire Fiontar, Trádála & Nuálaíochta stop a chur le hainm a chlárú a cheapann sé/sí a bheith míchuibhiúil. Is féidir achomharc a chur isteach chuig an Ard-Chúirt sa chás seo.

Úsáidtear Foirm RBN1A chun iarratas a chur isteach ar ainm gnó a chlárú le haghaidh comhpháirtíochta teoranta, ar gá do na comhpháirtithe ar fad í a shíniú. Is féidir le comhpháirtí aonair an fhoirm a shíniú nuair a sholáthraíonn an sínitheoir ráiteas deimhnithe reachtúil. Is féidir iarratas ar chlárú a chur isteach go leictreonach. Eisítear deimhniú clárúcháin don iarrthóir agus ní mór é a thaispeáint in áit fheiceálach i bpríomháit ghnó an ghnólachta.

Nuair a bhíonn ainm gnó cláraithe ag gnólacht, bíonn cead fós ag gnólachtaí eile úsáid a bhaint as an ainm gnó sin. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil maidir le hainmneacha gnó a chlárú i mBileog Faisnéise Uimh. 14, “Clárú Ainmneacha Cuideachta”.

**Tá na foirmeacha (agus na táillí comhdaithe a bhaineann leo) agus na bileoga faisnéise ar fad dá dtagraítear sa foilseachán seo le fáil ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie).**

## 6. MEABHRÁN AGUS AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS

### 6.1 Cad iad na ceanglais dheimhnithe?

Ba chóir cóip de mheabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta (nó mura mbíonn meabhrán nó airteagail chomhlachais ar fáil, cóip den ionstraim ar a mbunaítear bunreacht na cuideachta), a dheimhniú mar fhíorchóip sa tír ina mbíonn an chuideachta ionchorpraithe ag

- Cláraitheoir na gCuideachtaí sa tír sin, nó
- ag nótaire poiblí sa tír sin, nó
- ag oifigeach na cuideachta faoi mhionn os comhair duine sa tír sin a bhíonn údarás aige/aici duine a chur faoi mhionn.

### 6.2. Cad iad na ceanglais fhíordheimhnithe?

Faoi 886 Acht na gCuideachtaí 2014:

- Ní gá na meabhráin agus na hairteagail a thagann ó thíortha atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún an AE a fhíordheimhniú. i.e. an Fhrainc, an Bheilg, An Eastóin, Poblacht na Laitvia, an Iodáil agus an Danmhairg.
- Ní gá fíordheimhniú breise a dhéanamh ar na meabhráin agus na hairteagail a thagann ó thíortha atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, ar an gcoinníoll go bhfuil na doiciméid sin fíordheimhnithe ag gníomhairí taidhleoireachta nó consalachta ó na tíortha sin.
- Na meabhráin agus na hairteagail a thagann ó thíortha atá ag glacadh páirte i gCoinbhinsiún na Háige, déantar iad a fhíordheimhniú trí dheimhniú scríofa a fháil ó “údarás inniúil” na tíre sin.

**(d) Ní mór na meabhráin agus na hairteagail a fhíordheimhniú mar seo a leanas, a thagann ó thíortha nach bhfuil páirt á ghlacadh acu sna Coinbhinsiúin thuas:**

- Nuair a bhíonn an doiciméad deimhnithe ag Cláraitheoir na gCuideachtaí, ní mór d'oifigeach an rialtais sa tír atá i gceist seala nó síniú an Chláraitheora a fhíordheimhniú, agus stampa a chur air in Ambasáid na hÉireann sa tír sin.
- Nuair a bhíonn an doiciméad deimhnithe ag nótaire poiblí, ba chóir don síniú nó seala a bheith fíordheimhnithe ag Oifigeach Ambasáid na hÉireann.
- Nuair a bhíonn an doiciméad deimhnithe faoi mhionn ag oifigeach na cuideachta, ba chóir stádas an duine ar féidir leis/léi duine a chur faoi mhionn a bheith fíordheimhnithe ag oifigeach Ambasáid na hÉireann.

Chun liosta suas chun dáta a fháil de thíortha Choinbhinsiún na Háige agus den údarás inniúil atá ainmnithe do gach dlíne, féach [http://www.hcch.net/index\\_en.php?act=conventions.text&cid=41](http://www.hcch.net/index_en.php?act=conventions.text&cid=41)

An Afraic Theas	An Albáin	Andóra	Antigua & Barbúda
An Airgintín	An Arméin	An Astráil	An Asarbaiseáin
Na Bahámaí	Barbadós	An Bhealarúis	An Bheilg*
An Bheilís	Bosnia & Heirseagaivéin	An Bhotsuáin	Brúine Darasalám
An Bhulgáir	An Chasacstáin	An Chipir*	An Cholóim
An Chóiré	Oileáin Cook	An Chróit	An Danmhairg*
Doiminice	Eacuadór	An Eastóin	Éire
An Eilvéis	Fidsí	An Fhionlainn	An Fhrainc*
An Ghearmáin	An Ghréig	Grenada	Hondúras
An India	An Iodáil*	An Iorua	An Íoslainn
Iosrael	An Ísilitír	Poblacht na Laitvia*	Leosóta
An Libéir	Lichtinstéin	An Liotuáin	Lucsamburg
IPI na Macadóine	An Mhaláiv	Málta	Oileáin Marshall
Meicsiceo	An Mholdóiv	Monacó	Montainéagró
Oileáin Mhuirís	An Namaib	Niue	An Nua-Shéalainn
An Ostair	Panama	An Pholainn	An Phortaingéil
An Ríocht Aontaithe	An Rómáin	Cónaidhm na Rúise	An tSalvadóir
Samó	San Críostóir Nimheas	San Lucia	San Mairíne
San Uinseann agus na Greanáidíní	Sao Tome e Príncipe	An tSeapáin	Poblacht na Seice
An tSeirbia	Na Séiséil	An tSeoirsia	An tSlóivéin
An tSlóvaic	An tSín (Hong Cong)	An tSín (Macao)	Na Stáit Aontaithe
An Spáinn	An tSualainn	An tSuasalainn	Suranam
Tonga	Oileáin na Tríonóide & Tobága	An Tuirc	An Úcráin
An Ungáir	Veiniséala		

### 6.3. Cad iad na nósanna imeachta a úsáidtear chun na doiciméidí a aistriú?

Mura mbíonn an doiciméid i nGaeilge nó i mBéarla, ní mór iad a aistriú. Má thagann na doiciméid seo ó thír atá ag glacadh páirte i gceann de na Coinbhinsiúin thuas, ba chóir a dheimhniú sa tír sin go bhfuil an doiciméad aistrithe i gceart ag an aistritheoir, agus ba chóir é seo a dhéanamh os comhair nótaire poiblí.

Mura mbíonn an doiciméad clúdaithe ag na Coinbhinsiúin thuas, agus má dhéantar an doiciméad a aistriú i dtír eile, caithfidh oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach a dheimhniú gur aistriúchán ceart é nó caithfidh sé a bheith déanta ag aistritheoir ar féidir leis an oifigeach a dheimhniú gur aistritheoir inniúil é/í.

Má dhéantar an doiciméad a aistriú in Éirinn, ba chóir dó a bheith deimhnithe ag nótaire poiblí nó aturnae.

## 7. Comhpháirtíochtaí Teoranta Ionstraim Nua

Síníodh Ionstraim Reachtuil 597 de 2019 agus tiocfaidh sí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020. Tá an rialachán infheidhme maidir le Comhpháirtíochtaí Teoranta agus maidir lena mblianta airgeadais a thosaíonn an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh sin.

Cuireadh Rialacháin 2019 ón Aontas Eorpach (Comhpháirtíochtaí Cáilithe: Cuntasaíocht agus Iníúcháireacht) in ionad Rialacháin 1993 lena ndearnadh comhpháirtíochtaí teoranta a rialú.

Áirítear le comhpháirtíochtaí teoranta cáilithe faoi Rialacháin 2019 ón Aontas Eorpach (Comhpháirtíochtaí Cáilithe: Cuntasaíocht agus Iníúcháireacht) (I.R. Uimh. 597 de 2019):

Rialachán 5(1) - Sna rialacháin sin, ciallaíonn ‘comhpháirtíochtaí cáilithe’ -

(b) comhpháirtíocht theoranta, a bhfuil na comhpháirtithe ginearálta uile dá cuid ina -

- (i) gcuideachtaí teoranta,
- (ii) ina gcuideachtaí neamhtheoranta (ULCanna) ainmnithe,
- (iii) ina gcomhpháirtíochtaí seachas comhpháirtíochtaí teoranta, a bhfuil na baill uile iontu ina gcuideachtaí teoranta nó ina gcuideachtaí neamhtheoranta (ULCanna) ainmnithe
- (iv) ina gcomhpháirtíochtaí teoranta, a bhfuil na comhpháirtithe ginearálta uile dá gcuid ina gcuideachtaí teoranta nó ina gcuideachtaí neamhtheoranta (ULCanna) ainmnithe, nó
- (v) ina gcomhpháirtíochtaí, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí teoranta, a n-áirítear leis na baill dhíreacha nó indíreacha dá gcuid comhcheangal de ghnóthais dá dtagraítear i gclásail (i) go (iv), sa chaoi go mbíonn cosaint an dlíteanais theoranta ag úinéirí tairbhiúla deiridh na comhpháirtíochta.

## 8. Cuid 26 d’Acht na gCuideachtaí 2014

Ní mór do chomhpháirtíochtaí cáilithe a chomhlíonann na critéir faoi Chuid 26 tuarascáil maidir le híocaíochtaí a dhéantar le Rialtais a chur isteach.

Déantar Foirm PR2 a chomhlánú agus ní mór í a chomhdú laistigh de 11 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Le cuid 26, cuirtear ceangal ar chomhpháirtíochtaí cáilithe (coibhéiseach le cuideachtaí móra, grúpaí móra agus “eintitis leasa phoiblí”) atá gníomhach sna tionscail mianadóireachta agus eastósctha nó i lománaíocht foraoisí príomhúla chun tuarascálacha bliantúla a ullmhú agus a chomhdú le hOifig um Chlárú Cuideachtaí (Sceideal 18 CA 2014) maidir le híocaíochtaí a dhéantar le Rialtais.

### Díolúintí atá ar fáil

Tá díolúintí ar fáil faoi Chaibidil 4 Cuid 26 d’Acht na gCuideachtaí 2014: (cuir comhpháirtíochtaí teoranta in ionad cuideachtaí).

Tá díolúine ar fáil ó thuirisc maidir le híocaíochtaí a ullmhú do fhochuideachta/cuideachta sealbhaíochta má bhíonn an tuairisc maidir le híocaíochtaí eintitis san áireamh i dtuirisc chomhdhlúite maidir le híocaíochtaí arna hullmhú ag an gcuideachta sealbhaíochta. (alt 1454)  
Tá díolúine ar fáil ó thuirisc maidir le híocaíochtaí eintitis/tuirisc chomhdhlúite maidir le híocaíochtaí a tháirgeadh má bhíonn fiontar le sealbhaíocht níos airde ag an gcuideachta atá bunaithe i Stát AE eile, agus go mbíonn tuairisc chomhdhlúite táirgthe ag an ardchuideachta a bhfuil eolas na cuideachta Éireannaí san áireamh inti.

Beidh díolúine le fáil do na stiúrthóirí freisin áit a bhfuil an chuideachta faoi réir ag riachtanais choibhéiseacha tuairiscithe agus go bhfuil na híocaíochtaí nochta sa tuairisc eile seo. (alt 1455).  
Tá díolúine ar fáil ón tuairisc maidir le híocaíochtaí eintitis/tuirisc chomhdhlúite maidir le híocaíochtaí a tháirgeadh má bhíonn fiontar le sealbhaíocht níos airde ag an gcuideachta atá bunaithe i Stát AE eile, áit a mbíonn tuairisc chomhdhlúite faoi riachtanais choibhéiseacha tuairiscithe táirgthe ag an ardchuideachta a bhfuil eolas na cuideachta Éireannaí san áireamh inti. (alt 1456).

Tá díolúine ar fáil faoi alt 1460 AC 2014 arna leasú áit a mbíonn díolúine ag na stiúrthóirí áit a gcuireann an chuideachta faoi bhráid ina ionad sin cóip den tuairisc maidir le híocaíochtaí eintitis (tuairisc chomhdhlúite maidir le híocaíochtaí) arna hullmhú de réir na riachtanas choibhéiseach tuairiscithe laistigh de 28 lá tar éis d’íocaíocht dá leithéid bheith curtha ar fáil don phobal faoi na riachtanais choibhéiseacha tuairiscithe.



**AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ**  
**Oifig Poiblí:** Teach Bloom Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1  
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226  
**Fón:** +353 1 804 5200  
**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Láithreán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

**COMPANIES REGISTRATION OFFICE**  
**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1  
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226  
**Tel:** +353 1 804 5200  
**Email:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Web:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)